ISSN 1725-2458

**Eagrán Speisialta ***

**13 Meitheamh 2003**

# Iris Oifigiúil

## an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

# Faisnéis agus Fógraí

Clár

Leathanach

*Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach*

Gníomh ón gComhairle an 8 Bealtaine 2003 ag tarraingt suas Prótacal a leasaíonn, ar mhaithe le bunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim a chruthú, an Coinbhinsiún maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 1

GA



* Faoin tagairt C 139 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Aontais.

*(Achtú uchtaithe faoi Teideal VI den Conradh ar an Aontas Eorpach)*

# GNÍOMH ÓN gCOMHAIRLE

## an 8 Bealtaine 2003

## ag tarraingt suas Prótacal a leasaíonn, ar mhaithe le bunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim a chruthú, an Coinbhinsiún maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe d'Airteagal 34(2)(d) de,

Ag féachaint don tionscnamh ó Ríocht na Beilge, ó Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine agus ó Phoblacht na Fraince (1),

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa (2),

DE BHRÍ gur chóir an Córas Eolais Custaim dá bhforáiltear sa Choinbhinsiún maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais (3) chun críocha custaim a úsáid chun eolas a mhalartú faoi dhoiciméid a bheith ann a bhaineann le himscrúduithe atá idir lámha nó atá críochnaithe agus chun imscrúduithe a chomhordú go hiomchuí,

TAR ÉIS A CHINNEADH go mbunaítear leis seo an Prótacal a bhfuil an téacs de san Iarscríbhinn agus atá arna shíniú ar an lá seo ag na hIonadaithe do na Rialtais de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh,

Á MHOLADH do na Ballstáit lena ghlacadh i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach (4).

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 8 Bealtaine 2003.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. CHRISOCHOÏDIS

---

(1) IO C 328, 23.11.2001, lch. 12.
(2) Tuairim arna tabhairt ar an 18 Nollaig 2002 (nach bhfuil foilsithe fós san Iris Oifigiúil).
(3) IO C 316, 27.11.1995, lch. 34.
(4) Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Phrótacail in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

# PRÓTACAL

**arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 34 den Chonradh ar an Aontas Eorpach a leasaíonn, ar mhaithe le bunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim a chruthú, an Coinbhinsiún maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim**

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA sa Phrótacal seo, Ballstáit an Aontais Eorpaigh,

AG TAGAIRT do Ghníomh ó Chomhairle an Aontais Eorpaigh an 8 Bealtaine 2003,

DE BHRÍ go bhfuil an comhar custaim san Aontas Eorpach ina chuid thábhachtach de réimse na saoirse, na slándála agus an cheartais,

DE BHRÍ go bhfuil an malartú eolais idir na seirbhísí custaim sna Ballstáit éagsúla ina chuid lárnach den chomhar sin,

AG CUR CHUN FEIDHME na gconclúidí ó Chomhairle Eorpach an 15 agus 16 Deireadh Fómhair 1999 in Tampere, a leagann síos:

— gur chóir an leas is mó a bhaint as an gcomhar idir na húdaráis inniúla sna Ballstáit nuair atá an choirpeacht trasteorann a himscrúdú acu (Uimhir 43 de na conclúidí),

— gur chóir, fad a bhaineann le bearta ar fud an Aontais chun an choirpeacht a chomhrac, forbraíocht chothromúil a ghnóthú agus lena linn sin saoirse and cearta bunreachtúla an duine aonair agus oibreoirí eacnamaíocha a chosaint (Uimhir 40 de na conclúidí), agus

— go bhfuil gnéithe den dlí cánach agus custaim le háireamh níos minice sa choirpeacht eacnamaíoch thromchúiseach (Uimhir 49 de na conclúidí),

AG FÉACHAINT don fhíoras go ndearna an Chomhairle ina Rún den 30 Bealtaine 2001 maidir le straitéis don aontas custaim (1):

— a comhaontú a nochtadh nach mór feabhsú an chomhair ar mhaithe le calaois agus gníomhartha eile atá ina mbagairt ar shlándáil an duine agus ar shlándáil earraí a chomhrac go héifeachtach a bheith ar cheann de na príomhchuspóirí,

— a chur i bhfios go láidir go bhfuil ról suntasach le himirt ag an gcustam sa chomhrac i gcoinne na coirpeachta trasteorann trí ghníomhaíochtaí coiriúla a chosc, a bhrath agus, laistigh d'inniúlachtaí náisiúnta na seirbhísí custaim, a imscrúdú agus a ionchúiseamh sna réimsí a bhaineann le calaois fhioscach, sciúradh airgid mar aon le gáinneáil i ndrugaí agus in earraí aindleathacha eile, agus

— a chur i bhfios go láidir, de bhua éagsúlacht na gcúraimí a chuirtear orthu, go bhfuil sé de cheangal ar na húdaráis chustaim oibriú i gcomhthéacs Comhphobail agus i gcomhthéacs an chomhair faoi chuimsiú Theideal VI den Chonradh ar an Aontas Eorpach,

(1) IO C 171, 15.6.2001, lch. 1.

DE BHRÍ go gceadaíonn an Corás Eolais Custaim arna chruthú de bhua an Coinbhinsiún maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim [1] sonraí pearsanta a iontráil go heisiach ar mhaithe le hamharc agus tuairisciú, faireachán discréideach nó seiceálacha sonracha (Airteagal 5 den Choinbhinsiún), agus nach mór bonn dlí forlíontach a bhunú ar mhaithe le haon chríocha breise eile,

AG COIMEÁD I gCUIMHNE nach bhfuil aon chaoi ann faoi láthair chun eolas a mhalartú go leictreonach agus go córasach idir na húdaráis inniúla uile a bhaineann le comhaid um imscrúdú a bheith ann faoi imscrúduithe atá idir lámha nó atá críochnaithe agus ar an dóigh sin chun a gcuid imscrúduithe a chomhordú go hiomchuí, agus gur chóir an Córas Eolais Custaim a úsáid chuige sin,

AG COIMEÁD I gCUIMHNE gur féidir go ndéanfaidh torthaí na meastóireachta ar bhunachair shonraí tríú piléar an AE a shuíomh go bhfuil gá le comhlántacht idir na córais sin,

DE BHRÍ, i ndáil le sonraí pearsanta a stóráil, a phróiseáil agus a úsáid i réimse an chustaim, gur chóir aird chuí a thabhairt ar na prionsabail atá leagtha síos sa Choinbhinsiún ó Chomhairle na hEorpa an 28 Eanáir 1981 um Chosaint Daoine Aonair maidir le hUathphróiseáil Sonraí Pearsanta agus ar phointe 5.5 de Mholadh R (87)15 ó Choiste na nAirí de Chomhairle na hEorpa an 17 Meán Fómhair 1987 a rialálann úsáid na sonraí pearsanta in earnáil na póilíneachta,

AT TABHAIRT DÁ n-AIRE DÓIBH nach mór a scrúdú, de réir phointe 48 den phlean gníomhaíochta ón gComhairle agus ón gCoimisiún an 3 Nollaig 1998 maidir leis an dóigh is fearr chun forálacha Chonradh Amstardam maidir le réimse saoirse, slándála agus ceartais a chur chun feidhme [2], an féidir agus cad é mar is féidir leis an Oifig Eorpach Póilíneachta (Europol) rochtain a fháil ar an gCóras Eolais Custaim,

TAR ÉIS COMHAONTÚ AR NA FORÁLACHA SEO A LEANAS:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Coinbhinsiún maidir le húsáid theicneolaíocht an eolais chun críocha custaim [3] mar a leanas:

1. I ndiaidh Chaibidil V, cuirtear isteach na trí chaibidil seo a leanas:

'CAIBIDIL V A

**BUNACHAR SONRAÍ AITHEANTAIS DO CHOMHAID CHUSTAIM A CHRUTHÚ**

*Airteagal 12A*

1. Beidh sa Chóras Eolais Custaim sonraí i gcomhréir leis an gCaibidil seo, mar aon le sonraí i gcomhréir le hAirteagal 3, i mbunachar sonraí speisialta, dá ngairtear "an bunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim' anseo feasta. Gan dochar do na forálacha sa chaibidil seo agus i gCaibidlí V B agus V C, beidh forálacha uile an Choinbhinsiúin seo infheidhme freisin ar an an mbunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim.

2. Is é is aidhm don bhunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim a chumasú do na húdaráis náisiúnta atá freagrach as na himscrúduithe custaim arna n-ainmniú de bhun Airteagal 7 a sheoladh, nuair atá comhad á oscailt acu nó imscrúdú á dhéanamh acu ar dhuine amháin nó níos mó nó ar ghnó amháin nó níos mó, údaráis inniúla a shainaithint i mBallstáit eile a bhfuil na daoine sin nó na gnóthaí sin á n-imscrúdú acu nó a bhfuil imscrúdú déanta acu orthu, d'fhonn an aidhm dá dtagraítear in Airteagal 2(2) a ghnóthú trí eolas a fháil faoi na comhaid um imscrúdú a bheith ann.

3. Ar mhaithe leis an mbunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim, cuirfidh gach Ballstát chuig na Ballstáit eile agus chuig an gcoiste dá dtagraítear in Airteagal 16 liosta de na sáruithe tromchúiseacha i gcoinne a chuid dlíthe náisiúnta.

Ní chuimseoidh an liosta sin ach amháin na sáruithe atá inphionóis:

— le cailleadh saoirse nó ordú um choinneáil go ceann uastréimhse 12 mí ar a mhéad, nó

— le fíneáil EUR 15 000 ar a laghad.

4. Má tá tuilleadh eolais ón mBallstát a aisghabhann sonraí ón mbunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim ar an gcomhad um imscrúdú arna stóráil maidir le duine nó gnó, iarrfaidh sé cúnamh ar an mBallstát is solathróir ar bhonn na n-ionstraimí atá i bhfeidhm a bhaineann le cúnamh frithpháirteach.

(1) IO C 316, 27.11.1995, lch. 34.
(2) IO C 19, 23.1.1999, lch. 1.
(3) IO C 316, 27.11.1995, lch. 34.

CAIBIDIL V B

## BUNACHAR SONRAÍ AITHEANTAIS DO CHOMHAID CHUSTAIM A OIBRIÚ AGUS A ÚSÁID

*Airteagal 12B*

1. Déanfaidh na húdaráis inniúla sonraí ó na comhaid um imscrúdú a iontráil sa bhunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim chun na gcríoch atá leagtha amach in Airteagal 12A(2). Ní fholóidh na sonraí ach na haicmí seo a leanas:

(i) duine nó gnó atá nó a bhí ina ábhar do chomhad um imscrúdú arna oscailt ag údarás inniúil de chuid Ballstáit, agus atá:

— i gcomhréir leis an dlí náisiúnta sa Bhallstát i dtrácht, faoi amhras go bhfuil sárú trom-chúiseach ar dhlíthe náisiúnta á dhéanamh nó déanta aige nó go bhfuil nó go raibh sé rannpháirteach ina leithéid de shárú, nó

— go raibh sé ina ábhar do thuarascáil ina bhfuil sé suite gur tharla sárú den sórt sin, nó

— go raibh sé ina ábhar do phionós riarthach nó do phionós dlí as a leithéid de sharú a dhéanamh;

(ii) an réimse atá folaithe sa chomhad um imscrúdú;

(iii) ainm, náisiúntacht agus faisnéis teagmhála de chuid údarás an Bhallstáit atá ag déileáil leis an gcás mar aon le huimhir an chomhaid.

Iontrálfar na sonraí dá dtagraítear sna pointí (i) go (iii) ar leithligh i gcomhad sonraí do gach duine agus do gach gnó. Ní cheadófar naisc idir na comhaid sonraí sin.

2. Ní chuimseoidh na sonraí pearsanta dá dtagraítear i mír 1(i) ach amháin an méid seo a leanas:

(i) i gcás daoine: sloinne, sloinne réamhphósta, céad ainmneacha agus ainmneacha bréige, dáta agus ionad breithe, náisiúntacht agus gnéas;

(ii) i gcás gnóthaí: ainm gnó, an t-ainm faoina seoltar an trádáil, oifig chláraithe agus aithinteoir CBL.

3. Iontrálfar sonraí go ceann tréimhse teoranta i gcomhréir le hAirteagal 12E.

*Airteagal 12C*

Ní bheidh d'iallach ar Bhallstát iontrálacha a dhéanamh de bhun Airteagal 12B in aon chás sonrach dá ndochródh agus fad a dhochródh sé sin an beartas poiblí nó leasanna sár-riachtanacha eile, go háirithe i dtaca le cosaint sonraí, sa Bhallstát i dtrácht.

*Airteagal 12D*

1. Sonraí a iontráil sa bhunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim agus iad sin a cheadú, déantar é a fhorchoimeád do na húdaráis dá dtagraítear in Airteagal 12A(2).

2. Aon cheadú a dhéantar ar an mbunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim folóidh sé na sonraí pearsanta seo a leanas:

(i) i gcás daoine: céad ainm agus/nó sloinne agus/nó sloinne réamhphósta agus/nó ainmneacha bréige agus/nó dáta breithe;

(ii) i gcás gnóthaí: ainm gnó agus/nó an t-ainm faoina seoltar an trádáil agus/nó aithinteoir CBL.

CAIBIDIL V C

## TRÉIMHSE COINNEÁLA SONRAÍ SA BHUNACHAR SONRAÍ AITHEANTAIS DO CHOMHAID CHUSTAIM

*Airteagal 12E*

1. Déanfar na tréimhsí stórála a chinneadh i gcomhréir le dlíthe, rialacháin agus nósanna imeachta an Bhallstáit atá ag iontráil na sonraí. Ar a shon sin, ní rachfar thar na teorainneacha ama seo a leanas ag tosú ar an dáta a rinneadh na sonraí a iontráil sa chomhad:

(i) sonraí a bhaineann le comhaid um imscrúdú reatha, ní dhéanfar iad a choinneáil thar tréimhse trí bliana mura bhfuil sé suite gur tharla sárú sa tréimhse sin; scriosfar na sonraí roimhe sin má tá bliain amháin slán ón ngníomh imscrúdaitheach deiridh;

(ii) sonraí a bhaineann le comhaid um imscrúdú ina bhfuil sé suite gur tharla sárú ach nach raibh ciontú ann fós dá bharr nó nach ndearnadh fíneáil a ghearradh, ní choinneofar iad thar tréimhse sé bliana;

(iii) sonraí a bhaineann le comhaid um imscrúdú a raibh ciontú nó fíneáil ann dá mbarr, ní choinneofar iad thar tréimhse 10 mbliana.

2. Ag gach céim den imscrúdú dá dtagraítear i mír 1(i), (ii) agus (iii), a luaithe a chuirtear duine nó gnó atá faoi raon feidhme Airteagal 12B as an áireamh in imscrúdú de bhun dhlíthe agus rialacháin riarthacha an Bhallstáit is solathróir, scriosfar láithreach na sonraí uile a bhaineann leis an duine nó leis an ngnó sin.

3. Scriosfar sonraí go huathoibríoch ón mbunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim amhail ón dáta a théitear thar na huastréimhsí coinneála sonraí atá leagtha síos i mír 1.';

2. In Airteagal 2 cuirtear 'Airteagail 12(1) agus (2) agus 12E' in ionad 'Airteagail 12(1) agus (2)'.

*Airteagal 2*

1. Beidh an Prótacal seo faoi réir a ghlactha ag na Ballstáit i gcomhréir lena rialacha bunreachtúla faoi seach.

2. Cuirfidh na Ballstáit in iúl don taiscí go bhfuil na nósanna imeachta is gá faoina rialacha bunreachtúla faoi seach chun an Prótacal seo a ghlacadh comhlíonta acu.

3. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm maidir leis na hocht mBallstát i dtrácht 90 lá tar éis an fógra dá dtagraítear i mír 2 a bheith tugtha ag an Stát is Ballstát den Aontas Eorpach ar dháta na Comhairle do ghlacadh an gníomh ag tarraingt suas an Phrótacail seo arb é an t-ochtú Stát é chun an fhoirmiúlacht sin a chomhlánú. Más rud é, áfach, nach bhfuil an Coinbhinsiún tagtha i bhfeidhm ar an dáta sin, tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm do na hocht mBallstát i dtrácht ar an dáta a thagann an Coinbhinsiún i bhfeidhm.

4. Beidh ag aon fhógra ó Bhallstát i ndiaidh an t-ochtú fógra arna dhéanamh de bhun mhír 2 a fháil an éifeacht seo go dtiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm, 90 lá tar éis an fhógra iardain, idir an Ballstát seo agus na Ballstáit sin a bhfuil an Prótacal tagtha i bhfeidhm ina leith cheana.

5. Ní iontrálfaidh Ballstáit sa bhunachar sonraí aitheantais do chomhaid chustaim ach amháin sonraí atá taifeadta in imscrúdú tar éis an Prótacal seo a theacht i bhfeidhm.

*Airteagal 3*

1. Beidh aontachas leis an bPrótacal seo ar oscailt d'aon Stát a thagann chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach agus a aontaíonn don Choinbhinsiún.

2. Is téacs údarásach téacs an Phrótacail seo i dteanga an Bhallstáit aontaigh, arna tharraingt suas ag Comhairle an Aontais Eorpaigh.

3. Taiscfear na hionstraimí aontachais leis an taiscí.

4. Tiocfaidh an Prótacal seo i bhfeidhm maidir le haon Stát a aontaíonn dó 90 lá tar éis dó a ionstraim aontachais a thaisceadh nó ar dháta an Phrótacail a theacht i bhfeidhm mura bhfuil sé tagtha i bhfeidhm fós tráth na tréimhse 90 lá sin a dhul in éag, ar chuntar go bhfuil an Coinbhinsiún tagtha i bhfeidhm ina leith.

*Airteagal 4*

Aon Stát a thagann chun bheith ina Bhallstát den Aontas Eorpach agus a aontaíonn don Choinbhinsiún i gcomhréir le hAirteagal 25 de tar éis an Prótacal seo a theacht i bhfeidhm measfar gur aontaigh sé don Choinbhinsiún mar atá arna leasú ag an bPrótacal seo.

*Airteagal 5*

Is é Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh taiscí an Phrótacail seo.


Foilseoidh an taiscí in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* faisnéis maidir leis an bPrótacal seo a ghlacadh agus aontachais leis, na dearbhuithe agus gach fógra eile a bhaineann leis an bPrótacal seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil ar an ochtú lá de Bhealtaine sa bhliain dhá mhíle a trí, i scríbhinn bhunaidh amháin sa Bhéarla, sa Danmhairgis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, san Ollainnis, sa Phortaingéilis, sa Spáinnis agus sa tSualainnis agus comhúdarás ag na téacsanna i ngach ceann de na teangacha sin; déanfar an scríbhinn bhunaidh sin a thaisceadh i gcartlann Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh.


*Pour le Royaume de Belgique*
*Voor het Koninkrijk België*
*Für das Königreich Belgien*




*På Kongeriget Danmarks vegne*




*Für die Bundesrepublik Deutschland*



*Για την Ελληνική Δημοκρατία*



*Por el Reino de España*




*Pour la République française*



*Thar cheann Na hÉireann*


*For Ireland*




*Per la Repubblica italiana*



*Pour le Grand-Duché de Luxembourg*



*Voor het Koninkrijk der Nederlanden*



*Für die Republik Österreich*

*Pela República Portuguesa*

*Suomen tasavallan puolesta*

*För Republiken Finland*

*För Konungariket Sverige*

*For the United Kingdom of Great Britain and Northern Ireland*